# Píotsa Geochláir

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – codáin<br>Cruth agus Spás – cruthanna 2T<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl – próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chlárú agus modhanna éagsúla a úsáid chuige<br><br>Comhtháthú agus nascadh – idéanna agus próisis mhatamaiticiúla a léiriú i mbealaí difriúla: ó bhéal, go pictiúrtha, go diagramach, go siombalach<br><br>Réasúnaíocht – patrúin agus coibhnis mhatamaiticiúla a lorg agus a imscrúdú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | iomlán, codán, cainníocht, coibhéis, uimhreoir, ainmneoir |
| **Áiseanna** | Uirlis Gheochláir Mol Mata, codáin balla coibhéise |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Tabhair 'codáin choibhéiseacha' isteach. Nuair a bhíonn dhá chodán coibhéiseacha lena chéile ciallaíonn sé sin go bhfuil siad ar cóimhéid agus go bhfuil an cruth céanna orthu, ach úsáideann siad uimhreacha difriúla. Mar shampla, is ionann na codáin seo ach mar go bhfuil an cruth níos mó roinnte ina theascáin i ngach cás, scríobhtar an codáin ar bhealach difriúil. Sa tasc seo roinnfidh daltaí an píotsa go cothrom ag úsáid Uirlis Gheochláir is iomaí bealach agus is féidir leo. Úsáidfidh siad dath difriúil de réir mar a bhogfaidh siad ar aghaidh.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén uimhir dheachúlach atá coibhéiseach le ½ nó 3/4?<br>• Cén codán den phíotsa atá coibhéiseach le 25%? Cé mhéad cuid a chuimseodh 1/8 den phíotsa? | • An ndéanann cruth an phíotsa difríocht ar bith? Cén tslí? |


## Difreáil

Méadaigh nó laghdaigh líon na bpionnaí de réir mar is cuí. Is féidir línte greille a úsáid chun tacú leis an ngníomhaíocht. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Balla Codán

<table>
<tr><td colspan="120">1</td></tr>
<tr><td colspan="60">1/2</td><td colspan="60">1/2</td></tr>
<tr><td colspan="30">1/4</td><td colspan="30">1/4</td><td colspan="30">1/4</td><td colspan="30">1/4</td></tr>
<tr><td colspan="24">1/5</td><td colspan="24">1/5</td><td colspan="24">1/5</td><td colspan="24">1/5</td><td colspan="24">1/5</td></tr>
<tr><td colspan="20">1/6</td><td colspan="20">1/6</td><td colspan="20">1/6</td><td colspan="20">1/6</td><td colspan="20">1/6</td><td colspan="20">1/6</td></tr>
<tr><td colspan="15">1/8</td><td colspan="15">1/8</td><td colspan="15">1/8</td><td colspan="15">1/8</td><td colspan="15">1/8</td><td colspan="15">1/8</td><td colspan="15">1/8</td><td colspan="15">1/8</td></tr>
<tr><td colspan="12">1/10</td><td colspan="12">1/10</td><td colspan="12">1/10</td><td colspan="12">1/10</td><td colspan="12">1/10</td><td colspan="12">1/10</td><td colspan="12">1/10</td><td colspan="12">1/10</td><td colspan="12">1/10</td><td colspan="12">1/10</td></tr>
<tr><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td><td colspan="10">1/12</td></tr>
</table>

**Samhlaigh gur píotsa é an ciorcal seo. Cé mhéad bealach ar féidir é a roinnt go cothrom? Cé mhéad a chothóidh sé i ngach cás? Cé mhéad píosa a bhfaighidh siad?**



Is féidir é seo a roinnt idir beirt, ceathrar, ochtar, dáréag agus seisear déag. Úsáidtear dathanna ag an am céanna chun an codán nua a thaispeáint: Is leath é dearg, is ceathrú é gorm, is ochtú é glas, is dódhéagú é buí, is sédéágú é dubh